Apple

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin gcomhlacht *Apple*. Féach ar an sliocht seo a bhí ar shuíomh www.rte.ie leis an duine in aice leat agus déanaigí plé ar an méid atá ar eolas agaibh faoin scéal.

Déanfaidh *Apple* infheistíocht ar fiú €850m in ionad nua sonraí a fhorbairt i gContae na Gaillimhe. Tógfar an t-ionad ar pháirceanna i nDoire Uí Dhomhnaill, gar do Bhaile Átha an Rí. Deir *Apple* go gcruthófar 300 post i rith na gcéimeanna éagsúla den phróiseas, ó thús na tógála go mbeidh sé i mbun oibriúcháin. 100 post, tuigtear a bheidh san ionad nuair a bheidh sé faoi lán seoil. Cuid d'infheistíocht dhomhanda atá fógartha ag *Apple* é an t-ionad nua seo, agus beidh a leithéid chéanna d'ionad sa Danmhairg freisin.

Ceist 2 Anois, an féidir libh Gaeilge a chur ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

- ✓ *with me*
- ✓ *as big and as global*
- ✓ *decision*
- ✓ *computer expert*
- ✓ *tormenting us*
- ✓ *data centre*
- ✓ *generating heat*
- ✓ *cooling cost*
- ✓ *data protection laws*

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a n-oireann Oirthear na Gaillimhe d'ionad stórála sonraí *Apple*, dar le Conn Ó Muineacháin?

2. Cá mbeidh an t-ionad stórála seo?

3. Cén bhliain ina mbeidh an t-ionad ag feidhmiú?

Ceist 4 Féach ar na samplaí seo den tuiseal gairmeach a bhí le cloisteáil sa mhír. Bain úsáid astu chun na rialacha a bhaineann leis an tuiseal gairmeach a mhíniú.

'…a Ailbhe…'

'…a Eimear…'

'…a Choinn…'

'…a Choinn Uí Mhuineacháin…'

Ceist 5 *Scéal maith* **ach** *Cuid m**h**aith*

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht tar éis 'cuid', agus nach bhfuil tar éis 'scéal'?

2. Cad faoi na cinn thíos? Cuir séimhiú ar an aidiacht más gá.

   - teach (salach): _____
   - balla (bán): _____
   - cistin (beag): _____
   - bábóg (mór): _____
   - solas (geal): _____
   - bróg (donn): _____
   - cúis (maith): _____
   - cóta (gorm): _____
   - leabhar (tábhachtach): _____
   - sráid (cúng): _____

Ceist 6 Is minic na dathanna i nathanna cainte na Gaeilge. Cad is brí leis na cinn seo?

an t-ádh dearg
scrios dearg air
dearg-ghráin
saol an mhadra bháin
an gadaí / diabhal buí

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt an sliocht gearr a léamh le chéile agus plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

with me - i mo theannta
as big and as global – chomh mór agus chomh domhanda
decision - cinneadh
computer expert – saineolaí ríomhaireachta
tormenting us – dár gciapadh
data centre – ionad stórála sonraí
generating heat – ag giniúint teasa
cooling cost – costas fuaraithe
data protection laws – dlíthe cosanta na sonraí

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- ✓ Cuirtear 'a' roimh an ainm.
  '…**a** Ailbhe…' '…**a** Choinn…'
- ✓ Má thosaíonn an t-ainm le consan cuirtear séimhiú air.
  '…a C**h**oinn…'
- ✓ Má thosaíonn an t-ainm le gutaí ní chuirtear aon ní air.
  '…a Eimear…'
- ✓ Caolaítear ainmneacha fir nuair is féidir, ach amháin na hainmneacha sa cheathrú díochlaonadh – *Liam* agus *Proinsias*.
  '…a Cho**i**nn…'
- ✓ Ní chaolaítear ainmneacha ban in aon chor. Críochnaíonn an chuid is mó d'ainmneacha ban le consan caol, ach fiú iad siúd a chríochnaíonn le consan leathan ní chaolaítear iad.
  '…a Eimear…'
- ✓ Athraíonn ***Ó*** go ***Uí*** sa tuiseal gairmeach, agus séimhítear an consan tar éis ***Uí***.
  '…a Choinn **Uí** M**h**uineacháin…'

Ceist 5

1. Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach. Ní chuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal firinscneach.
2.
   - teach (salach): *teach salach*
   - balla (bán): *balla bán*
   - cistin (beag): *cistin bheag*
   - bábóg (mór): *bábóg mhór*
   - solas (geal): *solas geal*
   - bróg (donn): *bróg dhonn*
   - cúis (maith): *cúis mhaith*
   - cóta (gorm): *leabhar tábhachtach*
   - sráid (cúng): *sráid chúng*

Ceist 6

an t-ádh dearg – extreme luck
scrios dearg air – damn him / blast him
dearg-ghráin – intense hatred
saol an mhadra bháin – the easy life
an gadaí / diabhal buí – the ugly thief, devil

Eimear Ní Chonaola
Agus is é Ailbhe Ó Monacháin atá i mo theannta anois as Baile Átha an Rí, is scéal maith fostaíochta ansin d'Oirthear na Gaillimhe, a Ailbhe?

Ailbhe Ó Monacháin
Cinnte, a Eimear, níl amhras ar bith fán[1] mhéid sin. Dea-scéala ollmhór fostaíochta d'áit ar bith ach an t-ádh dearg ar Oirthear na Gaillimhe go ndearna comhlacht chomh mór agus chomh domhanda le *Apple* cinneadh a theacht agus a lonnú insa[2] cheantar seo. Is iomaí cúis atá leis an chinneadh agus leis na cúiseannaí[3] anois a phlé liom anseo, i mo chuideachta anocht, tá an saineolaí ríomhaireachta, Conn Ó Muineacháin, ón chomhlacht *Blacknight Solutions*. Go leor cúiseannaí a Choinn, mar a dúirt mé. Liostáil le do thoil na cúiseannaí is mó, dar leatsa?

Conn Ó Muineacháin, Blacknight Solutions
Ar an gcéad dul síos, a Ailbhe, féach ar an aimsir atá dár gciapadh anseo agus sinn ar imeall na sráide, anseo i mBaile Átha an Rí. Sin é an chéad rud, Má thánn[4] tú ag… má tá ríomhairí agat agus sin atá in ionad stórála sonraí, is áras mór (é) le hualach ríomhairí ann. Má tá siadsan agat tá siad ag giniúint teasa agus dá mhéad ríomhairí atá agat is ea is mó a bhíonn ort iad a fhuarú. *Now*, má thánn tú thall in *Cupertino, California* nó áit éigin mar sin, tá costas fuaraithe i gceist, rud nach bhfuil chomh hard anseo in Éirinn.

Rud eile ná, is dóigh liom, dlíthe na cosanta, dlíthe cosanta na sonraí atá in Éirinn agus san Eoraip ach go háirithe, leis an méid a nocht Edward Snowden. Do chomhlachtaí ollmhóra idirlín ar nós *Apple* agus *Google* agus a leithéidí, tá tuiscint acu go mbraitheann a gcuid gnó ar, is dócha, cosaint na sonraí agus a bheith in ann a rá lena gcuid custaiméirí - tá do chuid sonraí slán agus sábháilte linne. *So*, is cuid mhaith dóibh is ea é sin freisin.

Ailbhe Ó Monacháin
Cuid mhaith. Go raibh maith agat agus go raibh maith agat, a Choinn Uí Mhuineacháin, as labhairt linn agus mar sin de. Sula dtéann muid ar ais go dtí an stiúideo go díreach, achan duine iontach sásta anseo in Oirthear na Gaillimhe go bhfuil an cinneadh seo déanta ag *Apple* lonnú idir Doire Uí Dhomhnaill, Órán Mór agus Baile Átha an Rí anseo in Oirthear na Contae[5] agus súil acu a bheith ag feidhmiú in 2017. Ar ais chugat féin sa stiúideo, a Eimear.

[1] *faoin* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *insa* atá i gcanúint Uladh, *sa* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *cúiseanna* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[4] *má tá tú* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] *Oirthear an chontae* atá sa Chaighdeán Oifigiúil